



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil Aonad:	Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD
Teideal an Phoist agus Limistéar Ábhair: (más ábhartha)	Bainisteoir Margaíochta & Earcaíocht na Mac Léinn
Tréimhse an Phoist:	Conradh Seasta - 3 bliana
Grád:	Oifigeach Riaracháin IA
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Cumarsáid agus Margaíocht – Leibhéal Gairme 5
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	2025-07-055
Freagrach do:	Príomhoifigeach Faisnéise (nó Ainmní)
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	018804
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Aline Burgos

Achoimre ar an bPost:

Tá Bainisteoir Margaíochta agus Earcaíochta Mac Léinn á lorg ag Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíochta an Bhia UCD chun tionscnaimh mhargaíochta agus earcaíochta idirnáisiúnta na Scoile a threorú, i gcomhréir le straitéis rannpháirtíochta domhanda agus earcaíochta mac léinn idirnáisiúnta na hOllscoile. Beidh an ról seo ríthábhachtach chun méadú leanúnach a bhaint amach i líon na mac léinn idirnáisiúnta ar fud chlár mhúinte fochéime agus iarchéime na Scoile.

Beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach as straitéisí margaidh atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt, feachtais mhargaíochta spriocdhírithe a chur i gcrích, agus tionscnaimh for-rochtana ardtionchair a sheachadadh i margai tosaíochta. Oibreoidh siad go dlúth le foireann margaíochta na Scoile, agus le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile agus lasmuigh di, chun láithreacht láidir sa mhargadh a fhorbairt agus spéis agus clárú mac léinn a spreagadh.

Beidh taisteal suntasach idirnáisiúnta i gceist leis an ról chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Scoil agus ar UCD ag imeachtaí earcaíochta, cuairteanna scoile, agus rannpháirtíochtaí comhpháirtíochta, go minic i gcomhar le hIonaid Dhomhanda na hOllscoile. Beidh fócas láidir ar fhaisnéis mhargaidh, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, agus anailís ar fheidhmíocht feachtas ríthábhachtach chun seachadadh éifeachtach agus feabhsú leanúnach gníomhaíochtaí earcaíochta a chinntiú.

Ós rud é gur ról nua é seo atá ag teacht chun cinn, éilítear solúbthacht chun glacadh le hathrú agus oiriúnú d'aon riachtanais mhargaíochta agus earcaíochta mac léinn a bheidh ag an Scoil amach anseo.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Is é príomhchuspóir an róil méadú agus cáilíocht na ngníomhaíochtaí earcaíochta, margaíochta agus cumarsáide a bhaint amach, rud a fhágfaidh go meallfar agus go gcoinneofar grúpa mac léinn den scoth agus éagsúil.

Tá sé ríthábhachtach don ról seo feasacht ar an Scoil a chothú i gcónaí, agus an branda a chur chun cinn trí chumarsáid, idirchaidreamh, gníomhaíochtaí digiteacha agus gníomhaíochtaí for-rochtana duine le duine chun tuiscint shoiléir ar ár gláir agus ar ár mbranda sa mhargadh a chinntiú.

I gcomhthéacs an mhéid thuas, beidh sealbhóir an phoist freagrach as na dualgais agus na freagrachtaí a leagtar amach sna hailt seo a leanas. Táthar ag súil freisin go mbeidís páirteach i dtionscadail agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara de réir mar a thiocfaidís chun cinn.

Margaíocht, For-rochtain, Feachtais Earcaíochta

- Freagrach as anailís mhionsonraithe ar dheiseanna margaidh, straitéis mhargaíochta agus cumarsáide éifeachtach agus chomhtháite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le tosaíochtaí straitéiseacha na Scoile agus líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú.
- Oibriú le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha chun feachtais chuí agus chruthaitheacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do spriocmhargaí, lena n-áirítear táirgeadh comhthaobhachta digiteach agus clóite.
- Tionscnaimh earcaíochta idirnáisiúnta a chur i gcrích de réir mar a ordaítear.
- Oibriú i dtreo chuspóirí intomhaiste agus indéanta agus spriocanna earcaíochta mac léinn, maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht feachtas trí phríomhtháscairí feidhmíochta, anailísíocht dhigiteach agus meadaracht tiontaithe mac léinn, agus straitéisí a choigeartú dá réir.
- Misin earcaíochta mac léinn agus gníomhaíochtaí for-rochtana a phleanáil agus a threorú i bpríomh-mhargaí (e.g. an India, an tSín, Oirdheisceart na hÁise, SAM etc.) lena n-áirítear aontaí idirnáisiúnta, cuairteanna scoile, agus imeachtaí comhpháirtíochta a eagrú agus freastal orthu i gcomhar le UCD Ar Fud na Cruinne.
- Gníomh leantach tráthúil agus gairmiúil leis na freastalaithe agus na rannpháirtithe tar éis imeachtaí.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar na himeachtaí uile chun dea-chleachtas agus úsáid acmhainní a chinntiú.

Bainistíocht Caidrimh

- Caidreamh a fhorbairt agus a bhainistiú leis na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha cuí.
- Caidrimh oibre éifeachtacha a choinneáil le raon páirtithe leasmhara Ollscoile lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas: Oifig Chaidreamh na hOllscoile, UCD Ar Fud na Cruinne, Ionad Forbartha Gairme UCD, agus foirne clár chun teachtaireachtaí agus gníomhaíochtaí ailínithe a chinntiú.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le foireann margaíochta na Scoile chun dul i dteagmháil le mic léinn reatha agus alumnais chun ábhar earcaíochta barántúil, faoi stiúir piaraí agus tionscnaimh ambasadóirí a fhorbairt.
- Caidreamh den scoth a fhorbairt agus a chothabháil leis na comhlachtaí gairmiúla ábhartha, ionadaithe tionscail, Treoirchomhairleoirí Scoile, comhfhreagrachais oideachais, agus páirtithe leasmhara seachtracha eile chun feidhmeanna an phoist a chomhlíonadh go héifeachtach.

Cumarsáid

- Ábhar mealltach atá oiriúnach don mhargadh a tháirgeadh le haghaidh gréasáin, ríomhphoist, na meán sóisialta, agus foilseachán idirnáisiúnta, lena n-áirítear teachtaireachtaí áitiúla chun breithnithe cultúrtha, acadúla agus lóistíochta a léiriú ar fud mhargaí tosaíochta.
- A chinntiú go léiríonn na hábhair agus na cumarsáidí uile luachanna branda UCD agus go gcloíonn siad le caighdeán cháilíochta agus inrochtaineachta.

Bainistiú Oibríochtúil

- Féilire de ghníomhaíocht mhargaíochta agus earcaíochta idirnáisiúnta a choinneáil le hamlínte agus úinéireacht shoiléir.
- Rianú a dhéanamh ar leithdháileadh buiséid agus ar an mbrabús ar infheistíocht i gcás tionscnamh idirnáisiúnta.
- Tuarascálacha rialta a sholáthar ar fheidhmíocht feachtas, ar threochtaí margaidh, agus ar mholtaí chun feabhas a chur ar cheannaireacht shinsearach.

Is ról nua é seo agus meastar go bhforbróidh sé le himeacht ama. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar shealbhóir an phoist dualgais agus freagrachtaí eile a ghlacadh air féin, de réir mar a ordóidh Príomhoifigeach na Scoile nó ainmní.

Sainiúil don phost seo:

Tuarastal: 95 Admin Off Ia_2013 (2010) (7080) € 70,611 - € 82,512 per annum.

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltimid roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist na Cumarsáide & Margaíochta agus tagann sé le Leibhéal Gairme 5. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Go hiondúil, 5-6 mbliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le cumarsáid agus margaíocht in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus céim tríú leibhéal ábhartha (d'fhéadfadh cáilíocht iarchéime ábhartha a bheith ag teastáil).

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Cumarsáid (Leibhéal Oilteachta 3):** Eolas den scoth ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais chumarsáide chun spriocphobail a aithint agus chun dul i gcion orthu trí mheáin scríofa, meáin labhartha agus meáin amhaire thar bhealaí atá faoinár n-úinéireacht go príomha.
- **Margaíocht (Leibhéal Inniúlachta 2):** Eolas maith ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais mhargaíochta chun dul i bhfeidhm ar spriocphobail agus chun tionchar a imirt orthu.
- **Earcaíocht Mac Léinn (Leibhéal Oilteachta 2):** Eolas ar choincheapa, prionsabail agus cleachtais maidir le hearcaíocht mac léinn agus teagmháil le custaiméirí chun mic léinn ionchais a chur ar an eolas agus a thiontú ina mac léinn.

Croíchumais

- **Pleanáil agus Eagrúcháin (Leibhéal Oilteachta 4):** Ardchumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas bainistíochta láidir i leith athruithe a léirítear trí thimpeallacht nuálaíoch agus athraitheach a chothú agus lena gcinntítear rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gclár/tionscadail athruithe.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 3):** Scileanna suntasacha bainistíochta tionscadail chun a chinntiú go bhfuil spriocanna, cuspóir agus critéir ratha tionscadail nó cláir sainithe go soiléir ag an tús agus

chun pleananna mionsonraithe tionscadail a fhorbairt agus chun monatóireacht chúramach a dhéanamh ar dhul chun cinn ina gcoinne.

- **Caidrimh a Chothú (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas cruthaithe caidrimh oibre éifeachtacha a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne. Comhoibriú agus comhar tréan a spreagadh i ndaoine eile agus comhpháirtíocht a chothú chun torthaí a bhaint amach
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 3):** Tuiscint den scoth a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin chomh maith le heolas suntasach ar an Tírdhreach Ardoideachais ina bhfeidhmíonn UCD.
- **Daoine a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Sárchumas chun an obair cheart a mheaitseáil leis na daoine cearta, chun cúraimí a roinnt de réir láidreachtaí agus suimeanna daoine, chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine aonair chun obair a chur i gcrích, agus chun foireann láidir a chruthú

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD

Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a léiriú

Inmhianaithe:

- Cáilíocht sa Mhargaíocht nó taithí choibhéiseach i margaíocht / cur chun cinn clár i gcomhthéacs idirnáisiúnta.
- Eolas agus/nó taithí ar an earnáil ardoideachais.
- Eolas ar Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochtaí Bia UCD
- Taithí ar ábhar margaíochta mealltach a chruthú i réimse formáidí agus ardán.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	UCD College of Health and Agricultural Sciences
Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid:	UCD School of Ag and Food Science - UCD School of Agriculture and Food Science
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta

Ainm:	An tOllamh Comhlach Aifric O'Sullivan
Teideal:	Déan Comhlach, Cláir Idirnáisiúnta
Seoladh ríomhphoist:	Aifric.osullivan@ucd.ie
Fón:	+353 1 716 2824